

CRUACH CHAOLAINN

Tá tobar ann ar a dtugann siad Tobar a' Ghiolca ag an ngob ó thuaidh den oileán i mbarr a' chladaigh. Níl ann ach go bhféadfá cupán a chur síos ann choinneochadh sé ag imtheacht thú in imtheacht bliana. D'fhéadfá a bheith ag taosgadh as nó go líonfá bairille nó fiche bairille. Badh é an cás céadhna é. Sé an t-úghdar ar tugadh Tobar a' Ghiolca air, bhíodh daoine ag tabhairt giolca leob a' súgh uisce as nuair a bhí tart orthab. B'fada leis na hiasgairí go sroichidís an tobar nuair a bhíodh tart orthab agus iad aniar ó Charraig a' Mhíle.